# Is é _ an Freagra

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – oibríochtaí, rialacha agus airíonna, patrúin agus gaolta<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla – ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl – gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br><br>Réasúnaíocht – boinn a thabhairt le próisis agus le torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | teanga shuimithe agus dhealaithe, oibríochtaí, codáin, deachúlacha, céatadáin |
| **Áiseanna** | ábhair phraiticiúla, licíní, ciúbanna, cláir bhána bheaga, marcóirí |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Tosaíonn an ghníomhaíocht nuair a roghnaíonn an múinteoir uimhir a bheadh mar fhreagra ar cheisteanna a chaithfidh na daltaí a chumadh. Mar shampla, scríobhann an múinteoir ar an gclár 'Is é 0.2 an freagra. Cad an cheist?' Caithfidh na daltaí ceisteanna difriúla a chumadh ag úsáid na n-oibríochtaí uimhris, an t-eolas atá acu ar chodáin, deachúlacha agus céatadáin agus réimsí eile cosúil le huillinneacha nó céimeanna eile. Ba cheart ceisteanna a bhfuil an freagra 0.2 iontu a úsáid, cosúil le:

Trí dheichiú lúide aon deichiú
2 roinnte ar 10
Fiche céadú.

### 2 Gníomhaíocht 2

Cruthaíonn daltaí, ar bhonn aonair nó i mbeirteanna, a gcuid fadhbanna focal chun teacht ar fhreagra faoi leith. Mar shampla, d'fhéadfaidís ceisteanna ina bhfuil pictiúir nó léaráidí a scríobh nó scéal a insint ó bhéal ina bhfuil ceithre oibríocht, agus eolas ar réimsí eile matamaitice chun teacht ar fhreagraí faoi leith.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
| --- | --- |
| • Cad iad na slite ar féidir liom 81 a bhaint amach?<br>• Conas is féidir liom 30 $cm^2$ a bhaint amach?<br>• An freagra atá agam ná 50%. Cad í an cheist? | • Cé mhéad caoi dhifriúil ar féidir liom ¼ a fháil mar fhreagra?<br>• Inis dom faoi na straitéisí a d'úsáid tú. Cén fáth ar roghnaigh tú iad?<br>• Cad é do mheas ar na straitéisí a d'úsáid tú agus ar na cinn a d'úsáid do chairde? Cad a d'oibrigh go maith?<br>• Conas atá a fhios againn go n-oibríonn an straitéis seo? Conas is féidir leat sin a chruthú? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.
Socraigh uimhreacha agus critéir de réir thuiscint na ndaltaí. Mar shampla, bíodh trí uimhir mar chuid de do cheist.